




General Certificate of Secondary Education
January 2012

Matamaitic

Modúl N5 Páipéar 1
(Gan Áireamhán)
Bonnsraith
[GMN51]



DÉ LUAIN 16 EANÁIR
9.15 am–10.15 am



AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair **gach ceann** de na **cúig** cheist **déag**.

Ba chóir do chuid oibre a thaispeáint go soiléir sna spásanna chuige sin mar is féidir go mbronnfar marcanna ar réitigh a bhfuil codanna díobh ceart.

Níl cead agat áireamhán a úsáid don pháipéar seo.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 56 an marc iomlán don pháipéar seo.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na lámhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist. Ba chóir duit rialóir, compáis, dronbhacart agus uillinntomhas a bheith agat.

Tá an Bhileog Foirmlí ar leathanach 2.




7274.02


| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|--------------------------|----------|
| Uimhir Ceiste | Marcanna |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| 10 | |
| 11 | |
| 12 | |
| 13 | |
| 14 | |
| 15 | |
| Marc Iomlán | |

Bileog Foirmlí


Achar traipéisiam = $\frac{1}{2}(a+b)h$



Toirt priosma = achar trasghearrtha × fad



| Scrúdaitheoir Amháin | |
|----------------------|----------|
| Marcanna | Athmharc |
| | |




(a) (i) Cad é an léamh scála atá á thaispeáint ag saighead A?

Freagra _____ [1]

(ii) Cad é an difríocht idir léamh scála A agus léamh scála B?

Freagra _____ [2]

(b)




(i) Cá mhéad millilítear uisce atá sa chrúiscín?

Freagra _____ ml [1]


(ii) Chuir Seán 240 millilítear eile uisce isteach sa chrúiscín. Scáthaigh an chrúiscín le leibhéal an uisce atá ann anois a thaispeáint. [1]

2 (a) Comhlánaigh frithchaitheamh an chrutha sa líne scátháin.



[2]

(b) Tarraing frithchaitheamh an chrutha sa líne scátháin.



[2]

3

Dodhéanta Neamhdhóchúil Seans cothrom Dóchúil Cinnte

Roghnaigh focal ón bhosca is fearr a chuireann síos ar dhóchúlacht gach ceann de na teagmhais seo thíos.

(a) Cailín a bheidh sa chéad leanbh eile a bhéarf ar sa domhan.

Freagra _____ [1]

(b) Ciotóg a bheidh sa chéad duine eile a chasfar ort.

Freagra _____ [1]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna Athmharc

(c) Gheobhaidh tú uimhir níos lú ná 5 nuair a chaitheann tú gnáthdhísle séshleasach.

Freagra _____ [1]

(d) Bíonn 31ú Nollaig ann roimh 1ú Eanáir sa bhliain chéanna.


Freagra _____ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|----------------------|----------|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

| | |
|--|--|
| | |
|--|--|


4 Ainmnigh na cruthanna seo thíos.

(a)



Freagra _____ [1]

(b)



Freagra _____ [1]

(c)



Freagra _____ [1]

5 (a) Déan meastachán ar 98×7.1

Scrúdaltheoir Amháin
Marcanna Athmharc

Freagra _____ [2]


(b) Déan meastachán ar cá mhéad paicéad de bhrioscáin phrátaí ar 38p an ceann is féidir a cheannach le £4.

Freagra _____ paicéad [2]

6 Bíonn ola ar díol i lítir agus i ngalúin.

| | | | |
|--------|---|-----|------|
| Lítir | 0 | 500 | 1000 |
| Galúin | 0 | 110 | 220 |

(a) Bain úsáid as na luachanna sa tábla leis an ghraf tiontaithe a tharraingt ar an eangach thíos.



(b) Bain úsáid as an ghraf le 100 galún a thiontú ina lítir.

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|----------------------|----------|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

Freagra _____ lítear [1]


(c) Cheannaigh Ailín 750 lítear ola agus cheannaigh Brian 150 galún ola.

Cén duine acu a bhfuil an méid is mó ola ceannaithe aige? Luaigh fáth leis an fhreagra.

Freagra _____ mar _____


_____ [2]

7 (a) Scáthaigh cearnóg **amháin** eile sa dóigh nach mbeidh ach líne shiméadrachta amháin ag an phatrún.



[1]

(b) Scáthaigh **triantán amháin eile** agus **cearnóg amháin eile** sa dóigh go mbeidh siméadracht rothlaithe d'ord 4 ag an chruth.



[2]

8 Ciorclaigh an focal ceart le gach abairt a chomhlánú.

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

(a) Tá 14 phionta bainne cothrom go garbh le

2 lítear 8 lítear 20 lítear [1]

(b) Tá linn snámha dar fad 25 méadar cothrom go garbh le

20 troigh 50 troigh 80 troigh [1]

(c) Tá meáchan ubh circe cothrom go garbh le

80 punt 80 gram 80 unsa [1]

9 (a) Ríomh $6 + 8 \div 2$

Freagra _____ [1]

(b) Cuir lúibíní isteach san áireamh seo le go mbeidh sé ceart.

$14 - 10 \div 2 + 3 = 6$ [1]

(c) Cuir an tsiombail cheart ó +, -, × nó ÷ isteach sa bhosca le go mbeidh an t-áireamh seo thíos ceart.

$5 + 3(10 - 6 \square 2) = 26$ [1]

(d) Ríomh

(i) $(-14) \div 2$ Freagra _____ [1]

(ii) $(-6) \times (-4)$ Freagra _____ [1]

- 10 D'infheistigh Máire £6000 go ceann 2 bhliain de réir **ús simplí** 4% in aghaidh bliana.
Cá mhéad airgid **san iomlán** a bheidh ann i ndeireadh an 2 bhliain?

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

Freagra £ _____ [2]


- 11 (a) Bain úsáid as an fhoirmle $R = 4S + 7T$ le T a fháil nuair atá $R = 64$ agus $S = 9$

Freagra $T =$ _____ [3]

(b) $a = \frac{b-c}{d}$

Ríomh luach a nuair atá $b = -6$, $c = 10$ agus $d = 4$

Freagra $a =$ _____ [2]



Tarraing íomhá an triantáin i ndiaidh an aistrithe 6 ar clé agus 1 suas. [2]

13 (a) Ag glacadh leis go bhfuil $\frac{1560}{24} = 65$ scríobh an freagra ar

(i) $\frac{1560}{240}$ Freagra _____ [1]

(ii) 2.4×6.5 Freagra _____ [1]

(b) Déan meastachán ar $\frac{213}{0.39}$

Taispeáin do chuid oibre.

Freagra _____ [2]

(c) Scríobh 0.45555... mar dheachúil athfhillteach.

Freagra _____ [1]

14 Tá Brian ag imirt cluiche fichille lena chara Gearóid.

Deir Brian, “Tig liom an cluiche a bhaint, is féidir go mbeidh sé cothrom nó tig liom é a chailleadh. Caithfidh gurb é $\frac{1}{3}$, mar sin, an dóchúlacht go mbainfidh mé an cluiche”.

Mínigh cad chuige a bhfuil Brian mícheart.

[2]

15 Scáthaigh an réigiún de phointí atá níos cóngaraí do B ná do A agus atá níos lú ná 3 cm ó A. [3]

B •

A •

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.